# FLEADH CHEOIL NA hÉIREANN

## DOIRE '13

11-18 Lúnasa

## CLÁR NA nIMEACHTAÍ GAEILGE

COMHALTAS

# SEOLADH CHLÁR GAEILGE NA nIMEACHTAÍ

## 13ú Lúnasa

## 4.00in, Cultúrlann Uí Chanáin          Saor in aisce

Bígí linn nuair a sheolfaidh Éamonn Ó hArgáin ó Fhoras na Gaeilge Clár Gaeilge imeachtaí Fhleadh Cheoil na hÉireann 2013. Fáilte roimh chách. Sólaistí ina dhiaidh.

Please join us for the launch of the Irish language version of the Fleadh Cheoil na hÉireann 2013 events programme with guest speaker Éamonn Ó hArgáin of Foras na Gaeilge. All welcome. Refreshments will be provided.

# TURAIS SHIÚIL

## 12ú – 16ú Lúnasa

## 10.00rn & 2.00in, Halla na Cathrach          £3

Ag tosú ag Halla na Cathrach agus ag siúl chuig 1. Ballaí Dhoire; agus 2. Sráid Rossville, Cuimhneachán Dhomhnach na Fola, Cuimhneachán na Stailce Ocrais, Balla Dhoire Saor agus Múrmhaisiúcháin an Phortaigh. Déanfar na turais trí mheán na Gaeilge.

Commencing from the Guildhall and proceeding to 1. The Walls of Derry; then 2. Rossville Street, the Bloody Sunday Monument, the Hunger Strike Monument, Free Derry Wall and Bogside Murals. Tours will be conducted in Irish.

## EASPARTA

### 12ú Lúnasa

### 8.00in, Ardeaglais Cholm Cille Saor in Aisce

Easparta ag ceiliúradh traidisiún litríocht agus cheol Gaelach diaga na hAlban is na hÉireann in Ardeaglais Cholmcille, Doire le Salmairí Oileán Leodhais, Albain agus An Cór Gaelach, Domhnach Mór, Tír Eoghain (Stiúrthóir: Helen Mhic Ruairí).

An Evensong celebrating the tradition of sacred music and literature of Gaelic Scotland and Ireland in Saint Columb's Cathedral, Derry featuring The Psalm Singers of the Isle of Lewis, Scotland and An Cór Gaelach, Donaghmore, Co. Tyrone (Director: Helen Mhic Ruairí).

## DIANCHÚRSAÍ GAEILGE

### 13ú & 14ú Lúnasa

### 11.00rn - 4.00in, Cultúrlann Uí Chanáin £20

**Beidh trí chúrsa ar fáil, ar an Bhunleibhéal, an Mheánleibhéal agus an Ardleibhéal.**
Intensive Irish Courses: Three courses on offer – beginners, intermediate and advanced.

## SLÍ CHOLMCILLE

### 14ú Lúnasa

### 6.15in – 8.00in, Port na Long, Halla na Cathrach Saor in Aisce

Anuraidh, rinneadh ceiliúradh ar sheantraidisiún oilithreachta a bhain le Colmcille i nDoire don chéad uair le breis is ceithre chéad bliain. I mbliana, tá i gceist leanúint den traidisiún nua-athbheoite seo. Cuirfear

fáilte roimh gach duine, idir mhuintir na háite agus chuairteoirí, a bheith páirteach linn sa turas gearr an-suimiúil seo ó Phort na Long go dtí an Teampall Mór.

Last year, an ancient medieval pilgrimage tradition relating to Saint Colmcille was celebrated in Derry for the first time in more than four hundred years. This year, it is intended to continue this newly revived tradition. We hope as many as possible, locals and visitors, will participate in this celebration and follow the pipers and singers on Cosán na nOilithreach, the actual pilgrim trail from Port na Long (on the banks of the Foyle) to the site of An Teampall Mór the medieval cathedral of Derry – a short but very fascinating journey.

6.15in

Cruinneoidh lucht na hoilithreachta ag Port na Long (taobh thiar de Halla na Cathrach) agus siúlfaidh siad suas Cosán na nOilithreach, meirgí ar foluain agus iomainn á gceol agus píobaireacht á seinm.

The pilgrimage group will assemble at Port na Long (behind Guildhall) and proceed up Cosán na nOilithreach (Magazine Street) to the sound of singing and piping and with banners held high.

An Chéad Stad: An Chéad Eaglais Phreispitéireach, Doire. Ceol ó na Caimbeulaich, Albain agus Cór an Ghrianáin, Doire agus léitheoirí (Stiúrthóir: Mura Ní Chanáin).

The First Stop: First Derry Presbyterian Church. A celebration of sacred song and readings from Na Caimbeulaich, Scotland and Cór an Ghrianáin, Derry (Director: Mura Ní Chanáin).

An Dara Stad: Eaglais Naomh Agaistín. Creidtear gur anseo a thóg Colmcille a chéad mhainistir. Ceol ó na Caimbeulaich, Albain.

The Second Stop: St. Augustine’s Church, believed to be the site of Colmcille’s first monastery. Music by Na Caimbeulaich from Scotland.

7.50in

An Stad Deireanach: Eaglais Cholmcille, An Túr Fada: suíomh An Teampaill Mhóir. Ceol ó Chór an Ghrianáin.

Final Stop: St. Columba’s Church, the Long Tower: the site of the medieval cathedral An Teampall Mór

## LÉACHT

### Scéalta na Farraige agus Fuaimeanna na Mara

**14ú Lúnasa**

**7.30in, Seomra MD007 Ollscoil Uladh** Saor in aisce

Léachtóir: An Dr Maxim Fomin. Is as an Rúis ó dhúchas do Mhaxim. Is léachtóir le Gaeilge agus le Comhdhaonnachtaí é in Ollscoil Uladh. Tá sé ina cheann ar an tionscadal taighde Scéalta na Farraige atá maoinithe ag AHRC, comhfhiontar le Coimisiún Bhéaloideas Éireann, Ollscoil Uladh, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Dhún Éidean.

Lecture: 'Stories and Sounds of the Sea' with Dr Maxim Fomin. A native of Russia, Max is a lecturer in the Irish language with Humanities in the University of Ulster. He is head of a research project 'Scéalta na Farraige' which is funded by AHRC, a joint venture with Coimisiún Bhéaloideas Éireann, University of Ulster, UCD and Edinburgh University.

## DÍOSPÓIREACHT

### Acht na Gaeilge: Ceachtanna le foghlaim ó chur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla sa Deisceart

**15ú Lúnasa**

**2.30in, Cultúrlann Uí Chanáin** Saor in aisce

Teideal: Acht na Gaeilge: Ceachtanna le foghlaim ó chur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla sa Deisceart. Cad é atá le foghlaim ag pobal na Gaeilge ó Thuaidh ó thaithí an phobail sa Deisceart. Fáilte roimh chách. Sólaistí ar fáil.

Title: The Irish Language Act: Learning the lessons from the implementation of the Official Languages Act in the south. What can the Irish language community in the North learn from the experience of language communities in the South? All welcome. Refreshments available.

# SEOLADH LEABHAIR

## Language Resistance and Revival:

## Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland

## 15ú Lúnasa

## 1.00in, Cultúrlann Uí Chanáin Saor in aisce

Bígí linn ar an Déardaoin 15ú Lúnasa nuair a dhéanfaidh Feargal Mac Ionnrachtaigh seoladh Dhoire dá leabhar 'Language Resistance and Revival - Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland' ag Cultúrlann Uí Chanáin. Fáilte roimh chách.

Join us on Thursday 15th August for the Derry launch of Feargal Mac Ionnrachtaigh's book: Language Resistance and Revival - Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland. All welcome.

# SCANNÁIN NA FLEIDHE

## 13ú – 16ú Lúnasa

## 1.00in, The Nerve Centre Saor in aisce

Dé Máirt 13ú: Na Casaidigh (Gavin Halpin, 50', The Picturehouse)
Portráid dhlúth den bhuíon cheoil traidisiúnta, Na Casaidigh agus na tionchair chlainne a chruthaigh í. (Fotheidil)

Tuesday 13th - An intimate portrait of the traditional Irish group Na Casaidigh and the family influences that shaped it (subtitled).

Dé Céadaoin 14ú: The Bothy Boy (Michael Quinn, 50', Clean Slate Productions)
Saol agus gairm Mhichil Uí Dhómhnaill, giotáraí, ceoltóir, cumadóir, cóiritheoir, táirgeoir, agus ball de cheann de na buíonta ceoil traidisiúnta is mó tionchair ariamh, The Bothy Band (Fotheidil)

Wednesday 14th - The life and career of Micheál Ó Dómhnaill, guitarist, singer, composer, arranger, producer, and member of one of the most influential traditional Irish groups of all time, The Bothy Band (subtitled).

Déardaoin 15ú: Natural Grace (Art Ó Bhrian, 78', Moving Still Productions)
Sainphortráid dhlúth Mhartin Hayes, ar na fidléirí is fearr in Éirinn agus príomhléiritheoir ceoil traidisiúnta na hÉireann.

Thursday 15th - An in-depth, intimate portrait of Martin Hayes, one of Ireland's greatest fiddle players and a leading exponent of traditional Irish music.

Dé hAoine: Banríon an Cheoil (Loic Jourdain, 52', Lugh Films/Gallán Films)
Athchruthaíonn déantóir uirlise ceoil, Séamas O'Kane as Co Dhoire agus déantóir clúiteach cláirsí, Michael Billinge as Co Chorcaigh Cláirseach Dhún Bó a bhfuil cáil uirthi i nDoire agus a sheinntear go poiblí don chéad uair ag Nodlaig Brolly (Fotheidil).

Friday 16th - Musical instrument maker Séamús O'Kane from Co. Derry, and renowned harp maker Michael Billinge from Co. Cork recreate Derry's famous Downhill Harp, played in public for the first time by Nodlaig Brolly (subtitled).

# CAMPAÍ SAMHRAIDH

## 12ú – 16ú Lúnasa

## 10.00rn – 4.00in, Gaelscoil Éadain Mhóir £20

Beidh dhá scéim a reáchtáil ón Luan 12ú go dtí an Aoine 16ú ag Gaelscoil Éadain Mhóir, 128 Bóthar Leacaidh, Doire. Campa 1: páistí atá idir 7-10 mbliana d'aois agus atá ag freastal ar Ghaelscoil. Campa 2: páistí atá idir 10-13 bliana d'aois agus atá ag freastal ar Ghaelscoil nó atá ag foghlaim na Gaeilge faoi láthair. Beidh imeachtaí ar siúl gach lá ó 10.00rn -3.00in. Caithfear clarú roimh ré. Tá 25 áit ar fáil ag gach campa. Tuilleadh eolais ar fáil ó gaelscoil@hotmail.com

Two Fleadh summer schemes will run from Monday 12th to Friday 16th at Gaelscoil Éadain Mhóir, 128 Lecky Road, Derry. Scheme 1: children between the ages of 7 and 10 who are attending an Irish medium school. Scheme 2: children between 10 and 13 years of age who are attending an Irish medium school or who are learning Irish. A full programme of events will be on offer each day between 10.00am and 3.00pm. Please book in advance. 25 places are available at each camp. More information: gaelscoil@hotmail.com

# TRÁTH NA gCEIST

## 15ú Lúnasa

## 8.00in – 10.00in, Cultúrlann Uí Chanáin Saor in Aisce

Tráth na gCeist Gaeilge do Ghaeilgeoirí agus d'fhoghlaimeoirí. Beidh fáilte roimh chách. Bronnfar Buanchorn Elegant Gems ar bhuaiteoirí Thráth na gCeist (Urraitheoir: Elegant Gems).

An Irish Language Quiz for Irish speakers and learners. Everyone welcome. Quiz winners will be presented with the Elegant Gems permanent trophy (Sponsor: Elegant Gems).

# CEILIÚRADH LÍOFA 2015

## 16ú Lúnasa

## 2.30in, Cultúrlann Uí Chanáin Saor in Aisce

Tugtar cuireadh duit bheith i láthair ag imeacht le comóradh dhá bhliain Líofa 2015 a cheiliúradh mar chuid de Chlár Gaeilge Fhleadh Cheoil na hÉireann agus Bhliain na Gaeilge 2013. Labhróidh Ian Malcolm Oifigeach Forbartha Líofa 2015 faoi dhul chun cinn an fheachtais agus beidh roinnt foghlaimeoirí ag caint faoina dturais theanga féin. Má tá tú cláraithe le Líofa 2015 cheana tabharfaidh an t-imeacht seo deis duit labhairt le foghlaimeoirí eile agus le soláthróirí cúrsaí agus muna bhfuil tú cláraithe le Líofa 2015 ach suim agat san fheachtas, buail isteach, beidh fáilte roimh chách!

An event to celebrate the second anniversary of the Líofa 2015 campaign as part of Fleadh Cheoil na hÉireann and Bliain na Gaeilge 2013. The event will feature a range of speakers including the Ian Malcolm, Líofa Development Officer and learners of Irish who will talk about their own journeys towards fluency. If you're registered with Líofa 2014 the event will provide you with the opportunity to meet with other learners and course providers but if you haven't yet signed up but are interested in the initiative, please feel free to drop in. All welcome!

## LÉACHT

### Amhránaíocht Lár-Uladh

### 16ú Lúnasa

### 7.30in, Seomra MD007 Ollscoil Uladh — Saor in aisce

Teideal: Amhránaíocht Lár-Uladh, Léachtóir: An Dr Peadar Mac Gabhann
Seomra: MD007 Sólaistí i Seomra Martha Magee ina dhiaidh. Is as Coill an Chlochair i gCo. Thír Eoghain do Pheadar Mac Gabhann ó dhúchas. Is léachtóir le Gaeilge é in Ollscoil Uladh. Tá seal caite aige mar léachtóir in Bonn na Gearmáine agus in Ollscoil Notre Dame sna Stáit Aontaithe. D'fhoilsigh sé cnuasach amhrán agus dlúthdhiosca 'Songs of the Sperrins' sa bhliain 2011.

Title: Amhránaíocht Lár-Uladh, Lecturer Dr Peadar Mac Gabhann. Room: MD007 and refreshments after in the Martha Magee Room. Peadar Mac Gabhann is a native of Clogher, Co Tyrone. He is a lecturer in the Irish language in the University of Ulster. He has lectured in Bonn and Notre Dame Universities. In 2011 he published a song collection and CD - Songs of the Sperrins.

## CEOLCHOIRM

### Dúchas Dhoire

### 16ú Lúnasa

### 7.00-9.00in, Cultúrlann Uí Chanáin — £5

Dúchas Dhoire: Ceoltóirí áitiúla Dhoire agus Thír Chonaill.
Fear a' Tí: Feargal Mag Uiginn

Is éard atá i nDúchas Dhoire ná ceiliúradh de stair cheol traidisiúnta na hÉireann i nDoire, agus beidh léiriúcháin ann ó dhaoine a bhfuil cur amach acu ar an traidisiún sa chathair. Ina measc sin beidh amhránaithe, ceoltóirí, seaimpíní uile-Éireann agus lucht déanta uirlisí, ag tabhairt deis do mhuintir Dhoire ceiliúradh a dhéanamh le chéile ar ócáid stairiúil Fleadh Cheoil na hÉireann sa chathair agus í ó thuaidh den chéad uair ariamh. Beidh léirithe ann ó Dermot McLaughlin, Peter Tracey, Finbar McLaughlin, Joe McFlugh, Brian Stafford, Kevin Mitchell, Brian Mullen agus teaghlach Carlin.

Dúchas Dhoire: A showcase of local musicians from Derry and Donegal
Compère: Feargal Mag Uiginn

Dúchas Dhoire is a celebration of the history of Irish traditional music in Derry and will feature performances from those synonymous with the tradition in the city. This will include singers, musicians, All-Ireland champions and instrument-makers, offering the Derry people a change to celebrate together the historic occasion of Fleadh Cheoil na hÉireann taking place in the city and north of the border for the very first time. Performances from Dermot McLaughlin, Peter Tracey, Finbar McLaughlin, Joe McHugh, Brian Stafford, Kevin Mitchell, Brian Mullen and the Carlin family.

# BLAS

## BBC Raidió Uladh – Beo ó Dhoire

## 16ú Lúnasa

## 7.00in, Victoria Market, Doire — Saor in Aisce

Craoladh speisialta de chlár BLAS de chuid BBC Raidió Uladh beo ó Fleadh Cheoil na hÉireann 2013 le haíonna speisialta. Láithreoir: Lynette Fay

A special broadcast of BBC Radio Ulster's weekly Irish language programme BLAS live from Fleadh Cheoil na hÉireann 2013 featuring performances from special guests. Host: Lynette Fay

# AIFREANN GAEILGE

## 18ú Lúnasa

## 11.00, Ardeaglais Eoghain — Saor in Aisce

Aifreann Gaeilge Fhleadh Cheoil na hÉireann in Ardeaglais Eoghain á cheiliúradh ag an Athair Roland Ó Colchúin le ceol ó Chór na hArdeaglaise (Stiúrthóir: An tSr. Perpetua) agus Clann Cutliffe as Doire. Beidh an ceiliúradh seo á chraoladh beo ag Raidió na Gaeltachta agus iarrtar ar gach duine a bheith ina suí in am maith.

Mass in Irish to mark the conclusion of Fleadh Cheoil na hÉireann 2013 in St. Eugene's Cathedral with celebrant Fr. Roland Ó Colchúin and with music provided by the Cathedral Choir (Director: Sister Perpetua) and the Cutliffe Family from Derry. This celebration will be broadcast live on Raidió na Gaeltachta, so those attending are asked to take their seats in good time.

# DIALANN

| | | | |
|---|---|---|---|
| 12-16 Lúnasa | Turais Siúil | Ag imeacht ó Halla na Cathrach | £3 |
| 12-16 Lúnasa | Campaí Samhraidh | Gaelscoil Éadain Mhóir | £20 |
| 12 Lúnasa | Ceolchoirm: Easparta | Ardeaglais Cholmcille | Saor in Aisce |
| 13-16 Lúnasa | Scannáin na Fleidhe | The Nerve Centre | Saor in Aisce |
| 13 Lúnasa | Seoladh Chlár Gaeilge na nImeachtaí | Cultúrlann Uí Chanáin | Saor in Aisce |
| 13/14 Lúnasa | Dianchúrsaí Gaeilge | Cultúrlann Uí Chanáin | £20 |
| 14 Lúnasa | Slí Cholmcille | Port na Long, Halla na Cathrach | Saor in Aisce |
| 14 Lúnasa | Léacht: Scéalta na Farraige.. | Seomra MD007, Ollscoil Uladh | Saor in Aisce |
| 15 Lúnasa | Díospóireacht: Acht na Gaeilge | Cultúrlann Uí Chanáin | Saor in Aisce |
| 15 Lúnasa | Seoladh Leabhair | Cultúrlann Uí Chanáin | Saor in Aisce |
| 15 Lúnasa | Tráth na gCeist | Cultúrlann Uí Chanáin | Saor in Aisce |
| 16 Lúnasa | Líofa 2015: Imeacht Ceiliúrtha | Cultúrlann Uí Chanáin | Saor in Aisce |
| 16 Lúnasa | Léacht: Amhránaíocht Lár-Uladh | Seomra MD007, Ollscoil Uladh | Saor in Aisce |
| 16 Lúnasa | Ceolchoirm: Dúchas Dhoire | Cultúrlann Uí Chanáin | Saor in Aisce |
| 16 Lúnasa | Blas Beo ó Dhoire | Victoria Market | Saor in Aisce |
| 16 Lúnasa | Aifreann Gaeilge | Ardeaglais Eoghain | Saor in Aisce |

## Maoinitheoirí agus Páirtnéirí

## Príomhurraitheoirí

## Feachtais Ghaolta

## Páirtnéirí Imeachtaí

## Páirtnéirí Meán: